LOINNIR MHAC LEABHAIR.

Fada Salach; Is minic a chuala mé é sin ag daoine agus chuala ma sa sgéal é.

Micil.

Iarann Bog; Iarann gan aon chruach

Lang a' dreabh áil; Drifting, ag imteacht gan stiúir, gan fuireann.

Luighe; Ar luighe, chuir sé ar luighe chuice í, bhain sé an siubhal dí.

Sí an easconn an máigistir ar iasg na farrge. Níl an bhreac sa bfarrge nach bhfuil faitcios roimh an easconn aige.

CeannRuadhan crom; Breac beag a bhfuil aghaidh a bhéil síos agus a chloigeann crom. Cloigeann mór go maith air agus é ag caoileadh siar ocht n-orlaigh. Ní hithter é. Níl lannach ar bith air. Tá a chraiceann sleamhainn ar nós na heascoinne.

Sí an mhuc mhara a bhéas a rith ar an mbradán fearnadh.

Is mó an scabhairneach ná an mhuc mhara.